Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Meán Fómhair 2021
(OR. en)

11955/21

Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0292(NLE)

PECHE 312

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Meán Fómhair 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 548 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena socraítear deiseanna iascaireachta le haghaidh 2022 maidir le stoic éisc agus grúpaí stoc éisc áirithe is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 548 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 548 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.9.2021
COM(2021) 548 final

2021/0292 (NLE)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

**lena socraítear deiseanna iascaireachta le haghaidh 2022 maidir le stoic éisc agus grúpaí stoc éisc áirithe is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Le bun-Rialachán CBI (Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh), féachtar lena áirithiú go saothraítear beo-acmhainní muirí faoi choinníollacha inbhuanaithe eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta. Tá socrú bliantúil na ndeiseanna iascaireachta ina uirlis thábhachtach sa chomhthéacs sin. I ngach rialachán maidir le deiseanna iascaireachta, ní mór teorainn a chur le saothrú stoc éisc ar leibhéil atá ag teacht le cuspóirí foriomlána an Comhbheartais Iascaigh (CBI).

Is é socrú na ndeiseanna iascaireachta maidir le stoic áirithe agus grúpaí stoc áirithe sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh cuspóir an togra seo.

Tar éis ghlacadh agus theacht i bhfeidhm an phlean ilbhliantúil le haghaidh stoic ghrinnill sa Mheánmhuir thiar, socraítear leis an togra seo deiseanna iascaireachta, a léirítear ina n-uasiarracht iascaireachta incheadaithe maidir leis na Ballstáit lena mbaineann (an Spáinn, an Fhrainc agus an Iodáil).

Socraítear leis an togra seo freisin deiseanna iascaireachta de bhun comhaontuithe atá tugtha i gcrích faoi chuimsiú an Choimisiúin Ghinearálta Iascaigh don Mheánmhuir (GFCM), eagraíocht réigiúnach bainistithe iascaigh atá freagrach as caomhnú agus bainistiú beo-acmhainní muirí sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh. Tá an tAontas Eorpach ina chomhalta de GFCM, mar aon leis an mBulgáir, an Chróit, an Chipir, an Fhrainc, an Ghréig, an Iodáil, Málta, an Rómáin, an tSlóivéin agus an Spáinn. Tá na bearta arna nglacadh faoi chuimsiú GFCM ina gceangal ar a chomhaltaí sin.

Ar deireadh, socraítear leis an togra seo cuóta uathrialach maidir leis an salán mhuir mheoid ionas nach méadófar an leibhéal básmhaireachta iascaireachta atá ann faoi láthair. Leis an togra freisin, trasuitear an ghabháil iomlán incheadaithe (TAC) agus cuótaí le haghaidh an turbaird, mar a bhunaítear le GFCM.

Is é an cuspóir deiridh leibhéil stoic a thabhairt go dtí leibhéil lena bhféadfar uastáirgeacht inbhuanaithe (MSY) a chur ar fáil, agus iad a choinneáil ar na leibhéil sin. Leagtar síos an cuspóir sin go sainráite i mbun-Rialachán CBI, Airteagal 2(2) ina ndearbhaítear 'go mbainfear amach, an cuspóir sin faoi 2015, más féidir, agus […] faoi 2020 i gcás na stoc uile'. Leis sin léirítear gealltanas an Aontais i bhfianaise conclúidí an Chruinnithe Mullaigh Dhomhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe 2002 in Johannesburg agus a phlean cur chun feidhme. Ar an taobh eile, is é is aidhm don phlean ilbhliantúil maidir le stoic ghrinnill sa Mheánmhuir thiar go mbainfear amach uastáirgeacht inbhuanaithe (MSY) i dtaca le básmhaireacht iascaireachta ar bhonn forchéimnitheach incriminteach faoi 2020 i gcás inar féidir agus faoin 1 Eanáir 2025 ar a dhéanaí.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Tá na bearta atá beartaithe ceaptha i gcomhréir le cuspóirí agus rialacha CBI.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá na bearta atá beartaithe comhsheasmhach le beartas an Aontais maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 43(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) bunús dlí an togra seo.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(d) CFAE. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta ós rud é gur comhbheartas é CBI. Ceanglaítear le hAirteagal 43(3) CFAE ar an gComhairle bearta a ghlacadh maidir le deiseanna iascaireachta a shocrú agus a chionroinnt.

Leis an rialachán atá beartaithe déantar deiseanna iascaireachta a chionroinnt ar na Ballstáit. Faoi Airteagail 16 agus 17 de bhun-Rialachán CBI, tá sé de shaoirse ag na Ballstáit deiseanna den sórt sin a chionroinnt ar shoithí faoina mbratach féin de réir mar is cuí leo. Dá bhrí sin, tá neart discréide acu maidir le cinntí a bhaineann le saothrú na ndeiseanna i gcomhréir lena samhlacha sóisialta agus eacnamaíocha.

Ní bheidh aon impleacht airgeadais nua ag an togra do na Ballstáit.

- **An rogha ionstraime**

Is rialachán ón gComhairle é an ionstraim atá beartaithe.

Is togra maidir le bainistiú iascaigh é seo ar bhonn Airteagal 43(3) CFAE i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chuathas i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara tríd an teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle dar teideal *I dtreo iascaireacht níos inbhuanaithe san Aontas: staid na himeartha agus treoshuíomhanna le haghaidh 2022*.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Tá an measúnú ar staid na stoc sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh bunaithe ar an obair is déanaí a rinne an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach agus Coiste Comhairleach Eolaíoch GFCM maidir le hIascaigh agus Meitheal GFCM maidir leis an Muir Dhubh.

- **Measúnú tionchair**

Le hAirteagal 43(3) CFAE cuirtear teorainn le raon feidhme na rialachán maidir le deiseanna iascaireachta.

Maidir leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh bhun-Rialachán CBI agus an phlean ilbhliantúil maidir le hiascaigh ghrinnill sa Mheánmhuir thiar, ceapadh an togra mar is cuí ar bhonn measúnuithe tionchair. Tá socrú deiseanna iascaireachta ar cheann de na príomhionstraimí chun na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 2 de bhun-Rialachán CBI a ghnóthú. Leis an bplean ilbhliantúil, tugadh isteach córas iarrachta iascaireachta chun dul i ngleic le fadhb na ró-iascaireachta ar iascaigh ghrinnill na Meánmhara thiar.

A mhéid a bhaineann leis na deiseanna iascaireachta arna mbunú ag GFCM sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh, is é a dhéantar go bunúsach leis an togra seo bearta a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta a chur chun feidhme. Déileáiltear le haon ghné a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag na deiseanna iascaireachta le linn ullmhú agus sheoladh na caibidlíochta idirnáisiúnta agus ar faoina cuimsiú a dhéantar deiseanna iascaireachta an Aontais a chomhaontú le tríú páirtithe.

Is léiriú é an togra ní hamháin ar an imní ghearrthéarmach ach chomh maith leis sin, ar chur chuige níos fadtéarmaí lena ndéantar iarracht iascaireachta a choigeartú de réir leibhéil inbhuanaithe fadtéarmacha de réir a chéile.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Cearta bunúsacha**

Neamhbhainteach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ag an togra.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Cuirfear an togra seo chun feidhme i gcomhréir le rialacha CBI. Déanfar faireachán agus comhlíontacht a áirithiú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Socraítear leis an togra deiseanna iascaireachta le haghaidh 2022 maidir le stoic áirithe agus grúpaí stoc áirithe sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

1. córas iarrachta iascaireachta maidir le soithí tráil lena saothraítear stoic ghrinnill sa Mheánmhuir thiar. Faoin bplean ilbhliantúil le haghaidh na n-iascach sin, a tháinig i bhfeidhm an 16 Iúil 2019, gach bliain socróidh an Chomhairle uasiarracht iascaireachta incheadaithe le haghaidh gach grúpa iarrachta iascaireachta de réir an Bhallstáit agus le haghaidh na stocghrúpaí in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an bplean. Le haghaidh 2020, is é sin an chéad bhliain de chur chun feidhme an chórais iarrachta iascaireachta faoin bplean, laghdaíodh an uasiarracht iascaireachta incheadaithe 10 % i gcomparáid leis an mbunlíne (ón 1 Eanáir 2015 go dtí an 31 Nollaig 2017), arna ríomh ag gach Ballstát maidir le gach grúpa iarrachta iascaireachta nó fo-limistéar geografach (FLG); socraíodh leis an bplean uaslaghdú 30 % le haghaidh bhlianta 2 go 5. Le Rialachán (AE) 2021/90 ón gComhairle bunaíodh laghdú 7,5 % le haghaidh 2021.

   [Ionadchoinneálaí don chomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil] Ba cheart laghdú pm % a bheith ann le haghaidh 2022;

2. Bearta GFCM is infheidhme sa Mheánmhuir, lena n-áirítear:

   bearta a glacadh ag an gcruinniú bliantúil in 2018

2.1. teorainneacha gabhála agus iarrachta agus tréimhse choiscthe le haghaidh na heascainne Eorpaí sa Mheánmhuir ina hiomláine (FLGanna 1 go 27);

2.2. teorainneacha ar an líon soithí a dhéanann iascaireacht ar an séacla mór dearg agus ar an séacla gorm agus dearg sa Mhuir Iónach (FLGanna 19 go 21) agus i Muir na Leiveainte (FLGanna 24 go 27);

   bearta a glacadh ag an gcruinniú bliantúil in 2019

2.3. teorainneacha ar iarrachtaí iascaireachta agus an uasacmhainneacht cabhlaigh iascaireachta le haghaidh stoic ghrinnill i Muir Aidriad (FLGanna 17 agus 18);

2.4. teorainneacha saothraithe iascaireachta agus teorainneacha ar an líon údaruithe iascaireachta maidir leis an gcoiréalach dearg sa Mheánmhuir ina hiomláine (FLGanna 1 go 27);

2.5. teorainneacha ar an líon soithí a dhéanann iascaireacht ar an séacla mór dearg agus ar an séacla gorm agus dearg i gCaolas na Sicile (FLGanna 12 go 16);

2.6. teorainneacha gabhála le haghaidh an deargáin i Muir Alboran (FLGanna 1 go 3);

2.7. teorainneacha ar an líon údaruithe iascaireachta maidir leis an doránd coiteann sa Mheánmhuir ina hiomláine (FLGanna 1 go 27);

3. Bearta GFCM is infheidhme sa Mhuir Dhubh, lena n-áirítear:

3.1. cuóta uathrialaitheach le haghaidh an tsaláin, ar bhonn comhairle eolaíoch;

3.2. an ghabháil iomlán incheadaithe agus an chionroinnt cuótaí le haghaidh an turbaird faoin bplean bainistíochta ilbhliantúil i ndáil le hiascaigh turbard lena gcuirtear chun feidhme Moladh GFCM/43/2019/3 (FLG 29).

Cuirtear moltaí GFCM chun feidhme i ndlí an Aontais le Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus ghlac an Coimisiún togra[2] chun na Moltaí a ghlac GFCM in 2018 agus 2019 a chur chun feidhme. Ba cheart do bhearta atá nasctha go feidhmiúil leis na deiseanna iascaireachta, amhail cosc le linn an tséasúir sceite, a bheith ina gcuid den Rialachán seo, ós rud é nach bhféadfaí na deiseanna iascaireachta a bhunú ar an leibhéal céanna gan na tréimhsí coiscthe sin (mar shampla le haghaidh an turbaird sa Mhuir Dhubh). D'fhéadfadh éagsúlacht a bheith ann maidir le raon feidhme na tréimhse coiscthe, ag brath ar staid na stoc arna measúnú leis an gcomhairle eolaíoch.

1 Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le forálacha áirithe i ndáil le hiascaireacht i limistéar Chomhaontú CGIM (An Coimisiún Iascaigh Ginearálta don Mheánmhuir) agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle maidir le bearta bainistíochta do shaothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh sa Mheánmhuir (IO L 347, 30.12.2011, lch. 44).

2 COM(2018) 143 final

2021/0292 (NLE)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

## lena socraítear deiseanna iascaireachta le haghaidh 2022 maidir le stoic éisc agus grúpaí stoc éisc áirithe is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ceanglaítear, le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], go nglacfar bearta caomhnaithe agus an chomhairle eolaíoch, theicniúil agus eacnamaíoch a bhíonn ar fáil á cur san áireamh, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, tuarascálacha arna dtarraingt suas ag an gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascaigh, mar aon le comhairle a fhaightear ó Chomhairlí Comhairleacha a bhunaítear do na limistéir gheografacha ábhartha nó do na réimsí inniúlachta ábhartha agus do mholtaí comhpháirteacha arna ndéanamh ag na Ballstáit.

(2) Tá sé de dhualgas ar an gComhairle bearta a ghlacadh maidir le deiseanna iascaireachta a shocrú agus a chionroinnt, lena n-áirítear coinníollacha áirithe atá nasctha go feidhmiúil leis sin, de réir mar is iomchuí. Foráiltear le hAirteagal 16(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 gur cheart deiseanna iascaireachta a chionroinnt ar na Ballstáit ar dhóigh lena n-áirithítear cobhsaíocht choibhneasta gníomhaíochtaí iascaireachta gach Ballstáit le haghaidh gach stoic éisc nó iascaigh.

(3) Foráiltear le hAirteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 gurb é cuspóir an Chomhbheartais Iascaigh ráta saothraithe na huastáirgeachta inbhuanaithe (‘MSY’) a bhaint amach faoi 2015 i gcás inar féidir agus, ar bhonn forchéimnitheach incriminteach faoi 2020 ar a dhéanaí maidir leis na stoic uile.

(4) Ba cheart na gabhálacha iomlána incheadaithe (‘TACanna’) a bhunú, dá bhrí sin, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ar bhonn na comhairle eolaíche atá ar fáil, agus gnéithe bitheolaíocha agus socheacnamaíocha á gcur san áireamh agus cóir chothrom idir earnálacha iascaireachta á háirithiú ag an am céanna, agus aird á tabhairt ar na tuairimí a cuireadh in iúl le linn an chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara.

(5) Foráiltear le hAirteagal 16(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, i gcás stoic atá faoi réir pleananna ilbhliantúla sonracha, go bhfuil na deiseanna iascaireachta le bunú i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sna pleananna sin.

[3] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

(6) Le Rialachán (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], bunaíodh an plean ilbhliantúil do na hiascaigh a shaothraíonn stoic ghrinnill sa Mheánmhuir thiar agus tháinig sé i bhfeidhm an 16 Iúil 2019 ('an plean'). Is é is aidhm don phlean a áirithiú go ndéanfaidh saothrú beo-acmhainní bitheolaíocha na mara líon na speiceas atá á saothrú a athbhunú agus a choinneáil ar bun os cionn leibhéil atá in ann an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2019/1022, ba cheart deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic a liostaítear in Airteagal 1 den Rialachán sin a shocrú chun go mbainfear amach uastáirgeacht inbhuanaithe maidir le básmhaireacht iascaireachta ar bhonn forchéimnitheach incriminteach faoi 2020 más féidir, agus faoin 1 Eanáir 2025 ar a dhéanaí. Ba cheart deiseanna iascaireachta a shloinneadh i dtéarmaí uasiarrachta iascaireachta incheadaithe agus a shocrú i gcomhréir leis an gcóras iarrachta iascaireachta a leagtar síos in Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2019/1022.

(8) Maidir le 2022 ba cheart an uasiarracht iascaireachta incheadaithe a laghdú de *pm*% i gcomparáid leis an mbunlíne, a bheidh le baint den uasiarracht iascaireachta incheadaithe iascaireachta a socraíodh le haghaidh 2021 le Rialachán (AE) 2021/90 ón gComhairle[5].

(9) Ag an 42ú cruinniú a bhí ag an gCoimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir ('GFCM') in 2018, ghlac sé Moladh GFCM/42/2018/1 lena mbunaítear bearta bainistithe le haghaidh na heascainne Eorpaí (*Anguilla anguilla*) sa Mheánmhuir (folimistéir gheografacha GFCM 1 go 27). Áirítear leis na bearta sin teorainneacha gabhála nó iarrachta agus tréimhse choiscthe bhliantúil ar feadh 3 mhí as a chéile atá le sainiú ag gach Ballstát i gcomhréir le cuspóirí caomhnaithe Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007 ón gComhairle[6], leis an bplean nó na pleananna náisiúnta bainistíochta le haghaidh na heascainne Eorpaí agus le patrúin imirce aimseartha na heascainne Eorpaí sa Bhallstát sin. I gcás ina raibh pleananna bainistíochta náisiúnta lena mbaineann laghduithe iarrachta nó gabhála 30 % ar a laghad i bhfeidhm roimh theacht i bhfeidhm an Mholta sin, níor cheart na teorainneacha gabhála nó iarrachta iascaireachta a bunaíodh agus a cuireadh chun feidhme cheana a shárú. Ba cheart feidhm a bheith ag an gcosc maidir le huiscí muirí uile na Meánmhara agus maidir le huiscí goirt amhail inbhir, murlaigh chósta agus uiscí trasdultacha, i gcomhréir leis an Moladh sin. Tá an tréimhse choiscthe nasctha go feidhmiúil leis na deiseanna iascaireachta, toisc, mura bhfuil sé i bhfeidhm, gur cheart na leibhéil ghabhála nó iarrachta iascaireachta a laghdú chun athbhunú na stoc a áirithiú. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(10) [Ionadchoinneálaí le haghaidh stoic pheiligeacha bheaga i Muir Aidriad.]

(11) Ag an 42ú cruinniú bliantúil a bhí ag GFCM in 2018, ghlac sé Moladh GFCM/42/2018/3 maidir le plean bainistíochta ilbhliantúil um iascaigh tráil inbhuanaithe a dhíríonn ar an séacla mór dearg (*Aristaeomorpha foliacea*) agus ar an séacla gorm agus dearg (*Aristeus antennatus*) i Muir na Leiveainte (folimistéir

---

[4] Rialachán (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na hiascaigh a shaothraíonn stoic ghrinnill sa Mheánmhuir thiar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 (IO L 172, 26.6.2019, lch. 1).

[5] Rialachán (AE) 2021/90 ón gComhairle an 28 Eanáir 2021 lena socraítear deiseanna iascaireachta le haghaidh 2021 maidir le stoic éisc agus grúpaí stoc éisc áirithe is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh (IO L 31, 29.1.2021, lgh. 1-19).

[6] Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007 ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2007 lena mbunaítear bearta chun stoc na heascainne Eorpaí a athbhunú (IO L 248, 22.9.2007, lch. 17).

gheografacha GFCM 24, 25, 26 agus 27), moladh lenar tugadh isteach stop sealadach le hiarracht iascaireachta arna sloinneadh i líon uasta soithí iascaireachta. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(12) Ag an 42ú cruinniú bliantúil a bhí ag GFCM in 2018, ghlac sé Moladh GFCM/42/2018/4 maidir le plean bainistíochta ilbhliantúil um iascaigh tráil inbhuanaithe a dhíríonn ar an séacla mór dearg (*Aristaeomorpha foliacea*) agus ar an séacla gorm agus dearg (*Aristeus antennatus*) sa Mhuir Iónach (folimistéir gheografacha GFCM 19, 20 agus 21), moladh lenar tugadh isteach stop sealadach le hiarracht iascaireachta arna sloinneadh i líon uasta soithí iascaireachta. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(13) Ag an 43ú cruinniú bliantúil a bhí ag GFCM in 2019, ghlac sé Moladh GFCM/43/2019/6 maidir le bearta bainistithe i dtaca le hiascaigh tráil inbhuanaithe a dhíríonn ar an séacla mór dearg (*Aristaeomorpha foliacea*) agus ar an séacla gorm agus dearg (*Aristeus antennatus*) i gCaolas na Sicile (folimistéir gheografacha GFCM 12, 13, 14, 15 agus 16 ), moladh lenar tugadh isteach stop sealadach le hiarracht iascaireachta arna sloinneadh i líon uasta soithí iascaireachta. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(14) Ag an 43ú cruinniú bliantúil a bhí ag GFCM in 2019, ghlac sé Moladh GFCM/43/2019/5 maidir le plean bainistíochta ilbhliantúil um iascaigh ghrinnill inbhuanaithe i Muir Aidriad (folimistéir gheografacha GFCM 17 agus 18), moladh lenar tugadh isteach córas iarrachta iascaireachta agus uasteorainn acmhainneachta cabhlaigh maidir le stoic ghrinnill áirithe. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(15) Agus saintréithe chabhlach na Slóivéine agus an tionchar beag atá acu ar stoic pheiligeacha bheaga agus stoic ghrinnill, is iomchuí na patrúin iascaireachta atá ann cheana a chaomhnú agus rochtain chabhlach na Slóivéine a áirithiú ar íosmhéid speiceas peiligeach beag agus cuóta íosta iarrachta le haghaidh stoic ghrinnill.

(16) Ag an 43ú cruinniú bliantúil a bhí ag GFCM in 2019, ghlac sé Moladh GFCM/43/2019/4 chomh maith maidir le plean bainistíochta i dtaca le saothrú inbhuanaithe an choiréalaigh dheirg (*Corallium rubrum*)sa Mheánmhuir (folimistéir gheografacha GFCM 1 go 27), moladh lenar tugadh isteach stop sealadach le hiarracht iascaireachta arna sloinneadh i líon uasta údaruithe iascaireachta, agus teorainneacha saothraithe maidir leis an gcoiréalach dearg. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(17) Ag an 43ú cruinniú bliantúil a bhí ag GFCM in 2019, ghlac sé Moladh GFCM/43/2019/2 maidir le plean bainistíochta i dtaca le saothrú inbhuanaithe an deargáin (*Pagellus bogaraveo*) i Muir Alboran (folimistéir gheografacha GFCM 1 go 3), moladh lenar tugadh isteach teorainn ghabhála agus iarrachta bunaithe ar an meánleibhéal údaraithe agus a cuireadh i bhfeidhm i gcaitheamh na tréimhse 2010 go dtí 2015. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(18) Ag an 43ú cruinniú a bhí ag GFCM in 2019, ghlac sé Moladh GFCM/43/2019/1 maidir le sraith bearta bainistithe i dtaca le húsáid feistí comhthiomsaithe éisc ar ancaire in iascaigh dorád coiteann (*Coryphaena hippurus)* sa Mheánmhuir (folimistéir gheografacha GFCM 1 go 27), lenar tugadh isteach stop sealadach le hiarracht iascaireachta arna sloinneadh i líon uasta soithí iascaireachta a dhíríonn ar an dorád coiteann. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(19) Ag an 43ú cruinniú a bhí ag GFCM in 2019, ghlac sé Moladh GFCM/43/2019/3 lena leasaítear Moladh GFCM/41/2017/4 maidir le plean bainistíochta ilbhliantúil i dtaca le hiascaigh turbard sa Mhuir Dhubh (folimistéar GFCM 29). Tugadh isteach leis an moladh sin Gabháil Iomlán Incheadaithe (TAC) réigiúnach uasdátaithe agus scéim cionroinnte cuótaí maidir leis an turbard chomh maith le bearta caomhnaithe, go háirithe tréimhse choiscthe 2 mhí agus teorainn 180 lá sa bhliain leis an líon laethanta iascaireachta. Tá na bearta breise sin nasctha go feidhmiúil leis na deiseanna iascaireachta, toisc, mura bhfuil na bearta sin i bhfeidhm, gur cheart na leibhéil TAC maidir leis an turbard a laghdú chun athbhunú na stoc a áirithiú. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(20) I gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch a chuir GFCM ar fáil, is gá an leibhéal básmhaireachta iascaireachta atá ann faoi láthair a choinneáil chun inbhuanaitheacht an stoic salán sa Mhuir Dhubh a áirithiú. Is iomchuí mar sin leanúint de chuóta uathrialach a shocrú maidir leis an stoc sin.

(21) Ba cheart na deiseanna iascaireachta a bhunú ar bhonn na comhairle eolaíche atá ar fáil agus gnéithe bitheolaíocha agus socheacnamaíocha á gcur san áireamh agus cóir chothrom idir earnálacha iascaireachta á háirithiú ag an am céanna, agus i bhfianaise na dtuairimí a cuireadh in iúl le linn an chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara.

(22) Tá úsáid na ndeiseanna iascaireachta atá ar fáil do shoithí iascaireachta an Aontais a leagtar amach sa Rialachán seo faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle[7], agus go háirithe Airteagail 33 agus 34 den Rialachán sin, maidir le gabhálacha agus iarracht iascaireachta a thaifeadadh agus maidir le fógra a thabhairt faoi shonraí i ndáil le hídiú deiseanna iascaireachta. Is gá, dá bhrí sin, na cóid atá le húsáid ag na Ballstáit a shonrú agus sonraí á gcur chuig an gCoimisiún maidir le stoic éisc a thabhairt i dtír atá faoi réir an Rialacháin seo.

(23) Tá úsáid na ndeiseanna iascaireachta atá ar fáil ag soithí iascaireachta de chuid an Aontais a leagtar amach sa Rialachán seo faoi réir Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8] lena gcuirtear chun feidhme forálacha áirithe i ndáil le hiascaireacht i limistéar GFCM.

(24) Le Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ón gComhairle[9], tugadh coinníollacha breise isteach maidir le TACanna a bhainistiú ó bhliain go bliain, lena n-áirítear, faoi Airteagail 3 agus 4 den Rialachán sin, forálacha solúbthachta le haghaidh TACanna réamhchúraim agus anailíseacha. Faoi Airteagal 2 den Rialachán sin, bíonn sé le cinneadh ag an gComhairle, agus TACanna á socrú aici, cé na stoic nach mbeidh feidhm ag Airteagail 3 nó 4 den Rialachán sin maidir leo, go háirithe ar bhonn stádas bitheolaíoch na stoc. Níos déanaí fós, tugadh sásra solúbthachta ó bhliain go bliain isteach le hAirteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis na stoic uile atá faoi réir oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír. Dá bhrí sin, chun solúbthacht iomarcach a sheachaint a dhéanfadh dochar do phrionsabal shaothrú céillí freagrach na n-acmhainní bitheolaíocha muirí, rud a chuirfeadh bac ar ghnóthú chuspóirí CBI agus a chuirfeadh meath ar stádas bitheolaíoch na stoc, ba cheart a bhunú nach mbeidh

[7] Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ón gComhairle an 6 Bealtaine 1996 lena dtugtar isteach coinníollacha breise maidir le TACanna agus cuótaí a bhainistiú ó bhliain go bliain (IO L 115, 9.5.1996, lch. 3).

[8] Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le forálacha áirithe i ndáil le hiascaireacht i limistéar Chomhaontú CGIM (An Coimisiún Iascaigh Ginearálta don Mheánmhuir) agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle maidir le bearta bainistíochta do shaothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh sa Mheánmhuir (IO L 347, 30.12.2011, lch. 44).

[9]

feidhm ag Airteagail 3 agus 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 maidir le TACanna anailíseacha ach amháin i gcás nach mbaintear leas as an tsolúbthacht ó bhliain go bliain dá bhforáiltear in Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

(25) Ionas nach gcuirfear isteach ar ghníomhaíochtaí iascaireachta agus chun slí bheatha iascairí an Aontais a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2022. Ar chúiseanna práinne, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm láithreach tar éis a fhoilsithe.

(26) Ba cheart na deiseanna iascaireachta a úsáid i gcomhréir go hiomlán le dlí an Aontais,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# TEIDEAL 1
# FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 1*
***Ábhar***

Socraítear leis an Rialachán seo deiseanna iascaireachta le haghaidh 2022 atá ar fáil sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh maidir le stoic éisc agus grúpaí stoc éisc áirithe.

*Airteagal 2*
***Raon feidhme***

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le soithí iascaireachta de chuid an Aontais ag saothrú na stoc éisc seo a leanas:

   (a) an eascann Eorpach (*Anguilla anguilla*), an coiréalach dearg (*Corallium rubrun*) agus an dorád coiteann (*Coryphaena* hippurus) sa Mheánmhuir, mar a shainmhínítear in Airteagal 4(b);

   (b) an séacla gorm agus dearg (*Aristeus antennatus*), an rós-séacla domhainmhara (*Parapenaeus longirostris*), an séacla mór dearg (*Aristaeomorpha foliacea*), an colmóir Eorpach (*Merluccius merluccius*), gliomach na hIorua (*Nephrops norvegicus*) agus an milléad dearg (*Mullus barbatus*) sa Mheánmhuir thiar mar a shainmhínítear in Airteagal 4(c);

   (c) an t-ainseabhaí (*Engraulis encrasicolus*) agus an sairdín (*Sardina pilchardus*) i Muir Aidriad, mar a shainmhínítear in Airteagal 4(d);

   (d) an colmóir Eorpach (*Merluccius merluccius*), gliomach na hIorua (*Nephrops norvegicus*), an sól coiteann *(Solea solea)*, an rós-séacla domhainmhara (*Parapenaeus longirostris*), an milléad dearg (*Mullus barbatus)* i Muir Aidriad, mar a shainmhínítear in Airteagal 4(d);

   (e) an séacla mór dearg (*Aristaeomorpha foliacea*) agus an séacla gorm agus dearg (*Aristeus antennatus*) i gCaolas na Sicile mar a shainmhínítear in Airteagal 4(e), sa Mhuir Iónach mar a shainmhínítear in Airteagal 4(f) agus i Muir na Leiveainte mar a shainmhínítear in Airteagal 4(g);

   (f) an deargán (*Pagellus bogaraveo*) i Muir Alboran, mar a shainmhínítear in Airteagal 4(h);

   (g) an salán (*Sprattus sprattus*) agus an turbard (*Scophthalmus maximus*) sa Mhuir Dhubh, mar a shainmhínítear in Airteagal 4(i).

2. Tá feidhm ag an Rialachán seo freisin maidir le hiascaigh áineasa i gcás ina dtagraítear go sainráite do na hiascaigh sin sna forálacha ábhartha.

*Airteagal 3*
**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. Thairis sin, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'uiscí idirnáisiúnta' uiscí atá lasmuigh de cheannasacht nó de dhlínse aon Stáit;

(a) ciallaíonn 'iascaigh áineasa' gníomhaíochtaí iascaireachta neamhthráchtála, lena saothraítear beo-acmhainní muirí, le haghaidh áineasa, turasóireachta nó spóirt;

(b) ciallaíonn 'gabháil iomlán incheadaithe' (TAC):

   (i) in iascaigh atá faoi réir na díolúine ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír dá dtagraítear in Airteagal 15(4) go (7) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, an chainníocht éisc a fhéadtar a thabhairt i dtír as gach stoc gach bliain;

   (ii) i ngach iascach eile, an chainníocht éisc a fhéadtar a ghabháil as gach stoc i gcaitheamh tréimhse bliana;

(c) ciallaíonn 'cuóta' cion TAC a chionroinntear ar an Aontas nó ar Bhallstát;

(d) ciallaíonn 'cuóta uathrialach de chuid an Aontais' teorainn ghabhála a chionroinntear go huathrialach ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais in éagmais TAC comhaontaithe;

(e) ciallaíonn 'cuóta anailíseach' cuóta uathrialach de chuid an Aontais ar ina leith atá measúnú anailíseach ar fáil;

(f) ciallaíonn 'measúnú anailíseach' meastóireacht chainníochtúil ar threochtaí i gcás stoc ar leith, atá bunaithe ar shonraí maidir le bitheolaíocht agus saothrú an stoic sin, a sonraíodh le hathbhreithniú eolaíoch go raibh siad de cháilíocht leormhaith chun comhairle eolaíoch a sholáthar i ndáil le roghanna maidir le gabhálacha amach anseo.

(g) ciallaíonn 'feiste um chomhbhailiú éisc' nó 'FAD' aon trealamh ar ancaire atá ar snámh ar dhromchla na farraige arb é is aidhm dó éisc a mhealladh.

*Airteagal 4*

**Limistéir iascaireachta**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe limistéir seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'folimistéir gheografacha GFCM' na limistéir a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10];

(b) ciallaíonn 'an Mheánmhuir' uiscí i bhfolimistéir gheografacha GFCM 1 go 27, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011;

(c) ciallaíonn 'an Mheánmhuir thiar' uiscí i bhfolimistéir gheografacha GFCM 1, 2, 5, 6, 7, 8, 9, 10 agus 11, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011;

(d) ciallaíonn 'Muir Aidriad' uiscí i bhfolimistéir gheografacha GFCM 17 agus 18, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011;

---

[10] Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le forálacha áirithe i ndáil le hiascaireacht i limistéar Chomhaontú CGIM (An Coimisiún Iascaigh Ginearálta don Mheánmhuir) agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle maidir le bearta bainistíochta do shaothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh sa Mheánmhuir (IO L 347, 30.12.2011, lch. 44).

(e) ciallaíonn ‘Caolas na Sicile’ uiscí i bhfolimistéir gheografacha GFCM 12, 13, 14, 15 agus 16, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011;

(f) ciallaíonn ‘an Mhuir Iónach’ uiscí i bhfolimistéir gheografacha GFCM 19, 20 agus 21, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011;

(g) ciallaíonn ‘Muir na Leiveainte’ uiscí i bhfolimistéir gheografacha GFCM 24, 25, 26 agus 27, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011;

(h) ciallaíonn ‘Muir Alboran’ uiscí i bhfolimistéir gheografacha GFCM 1 go 3, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011;

(i) ciallaíonn ‘an Mhuir Dhubh’ uiscí i bhfolimistéar geografach GFCM 29, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011.

# TEIDEAL II
# Deiseanna iascaireachta

## CAIBIDIL I
## An Mheánmhuir

*Airteagal 5*

**An eascann Eorpach**

1. Tá feidhm ag an Airteagal seo maidir le gníomhaíochtaí uile shoithí iascaireachta de chuid an Aontais agus gníomhaíochtaí iascaireachta eile an Aontais lena ngabhtar an eascann Eorpach (*Anguilla anguilla*), eadhon iascaigh spriocdhírithe, theagmhasacha agus áineasa, in uiscí muirí uile na Meánmhara, lena n-áirítear fionnuiscí agus uiscí goirt trasdultacha, murlaigh agus inbhir, mar shampla.

2. Toirmeascfar ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais iascaireacht a dhéanamh ar an eascann Eorpach in uiscí an Aontais agus in uiscí idirnáisiúnta na Meánmhara ar feadh tréimhse 3 mhí as a chéile a chinnfidh gach Ballstát. Beidh an tréimhse choiscthe iascaireachta comhsheasmhach leis na cuspóirí caomhnaithe a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007, leis na pleananna náisiúnta bainistíochta atá i bhfeidhm agus le patrúin imirce aimseartha na heascainne Eorpaí sna Ballstáit lena mbaineann. Déanfaidh na Ballstáit an tréimhse a chinntear a chur in iúl don Choimisiún tráth nach déanaí ná 1 mhí roimh theacht i bhfeidhm na tréimhse coiscthe agus i gcás ar bith roimh an 31 Eanáir 2022.

3. Ní sháróidh na Ballstáit na huasteorainneacha gabhála nó iarrachta iascaireachta le haghaidh na heascainne Eorpaí a bhunaítear agus a chuirtear chun feidhme trí bhíthin a bpleananna náisiúnta bainistíochta, a ghlactar i gcomhréir le hAirteagail 2 agus 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007.

*Airteagal 6*

**An coiréalach dearg**

1. Tá feidhm ag an Airteagal seo maidir le gníomhaíochtaí uile shoithí iascaireachta de chuid an Aontais agus gníomhaíochtaí iascaireachta eile an Aontais i ndáil le saothrú an choiréalaigh dheirg (*Corallium rubrum*), eadhon iascaigh spriocdhírithe agus áineasa sa Mheánmhuir.

2. Le haghaidh iascaigh spriocdhírithe, maidir leis an líon uasta údaruithe iascaireachta agus uaschainníochtaí stoc coiréalach dearg a shaothraíonn soithí iascaireachta de chuid an Aontais agus a shaothraítear trí ghníomhaíochtaí an Aontais, ní rachaidh an líon sin thar na leibhéil a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

3. Toirmeascfar ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais atá faoi réir mhír 2 an coiréalach dearg a thrasloingsiú ar muir.

4. Maidir le hiascaigh áineasa, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun toirmeasc a chur ar an gcoiréalach dearg a ghabháil agus a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír.

*Airteagal 7*

***An dorád coiteann***

1. Tá feidhm ag an Airteagal seo maidir le gníomhaíochtaí tráchtála uile shoithí de chuid an Aontais agus gníomhaíochtaí iascaireachta eile an Aontais lena n-úsáidtear feistí um chomhbhailiú éisc chun an dorád coiteann (*Coryphaena hippurus*) a ghabháil in uiscí idirnáisiúnta na Meánmhara.

2. Leagtar amach in Iarscríbhinn II an líon uasta soithí iascaireachta údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh ar an dorád coiteann.

# CAIBIDIL II
# An Mheánmhuir thiar

*Airteagal 8*

**Stoic ghrinnill**

1. Tá feidhm ag an Airteagal seo maidir le gníomhaíochtaí uile shoithí iascaireachta de chuid an Aontais agus gníomhaíochtaí iascaireachta eile an Aontais lena ngabhtar stoic ghrinnill dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) 2019/1022, sa Mheánmhuir thiar.

2. Leagtar amach an uasiarracht iascaireachta incheadaithe in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo lena ndéanfaidh na Ballstáit an uasiarracht iascaireachta incheadaithe a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) 2019/1022.

*Airteagal 9*

**Tarchur sonraí**

Déanfaidh na Ballstáit na sonraí maidir le hiarracht iascaireachta a thaifeadadh agus a tharchur chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 2019/1022.

Nuair a chuirfidh an Ballstáit sonraí maidir le hiarracht iascaireachta faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir leis an Airteagal seo, úsáidfidh siad cóid na ngrúpaí iarrachta iascaireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

# CAIBIDIL III
# Muir Aidriad

A*irteagal 10*

***[***Ionadchoinneálaí le haghaidh **stoic pheiligeacha bheaga*****]***

*Airteagal 11*

**Stoic ghrinnill**

1. Tá feidhm ag an Airteagal seo maidir le gníomhaíochtaí uile shoithí iascaireachta de chuid an Aontais agus gníomhaíochtaí iascaireachta eile an Aontais lena ngabhtar an colmóir Eorpach (*Merluccius merluccius*), gliomach na hIorua (*Nephrops*

*norvegicus*), an sól coiteann (*Solea solea*), an rós-séacla domhainmhara (*Parapenaeus longirostris*) agus an milléad dearg (*Mullus barbatus*) i Muir Aidriad.

2. Leagtar amach in Iarscríbhinn IV an uasiarracht iascaireachta incheadaithe le haghaidh stoic ghrinnill agus an uasacmhainneacht cabhlaigh iascaireachta faoi raon feidhme an Airteagail seo.

3. Déanfaidh na Ballstáit an uasiarracht iascaireachta incheadaithe a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagail 26 go 35 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

*Airteagal 12*
**Tarchur sonraí**

Nuair a chuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin, de bhun Airteagail 33 agus 34 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, sonraí a bhaineann le tabhairt i dtír na gcainníochtaí stoc arna ngabháil, úsáidfidh siad na cóid stoic a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.

# CAIBIDIL IV
# An Mhuir Iónach, Muir na Leiveainte agus Caolas na Sicile

*Airteagal 13*

1. Tá feidhm ag an Airteagal seo maidir le gníomhaíochtaí uile shoithí iascaireachta de chuid an Aontais agus gníomhaíochtaí iascaireachta eile an Aontais lena ngabhtar an séacla mór dearg (*Aristaeomorpha foliacea*) agus an séacla gorm agus dearg (*Aristeus antennatus*), sa Mhuir Iónach, i Muir na Leiveainte agus i gCaolas na Sicile.

2. Leagtar amach in Iarscríbhinn V an líon uasta soithí tráil ghrinnill údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh ar stoic ghrinnill.

# CAIBIDIL V
# Muir Alboran

*Airteagal 14*

1. Tá feidhm ag an Airteagal seo maidir le hiascaireacht tráchtála le spiléir agus le línte láimhe a dhéanann soithí iascaireachta de chuid an Aontais lena ngabhtar an deargán (*Pagellus bogaraveo*) i Muir Alboran.

2. Ní sharófar leis an uasleibhéal gabhálacha na leibhéil a leagtar amach in Iarscríbhinn VI.

# CAIBIDIL VI
# An Mhuir Dhubh

*Airteagal 15*

**Deiseanna iascaireachta maidir leis an salán a chionroinnt**

1. Tá feidhm ag an Airteagal seo maidir le gníomhaíochtaí uile shoithí iascaireachta de chuid an Aontais agus gníomhaíochtaí iascaireachta eile an Aontais lena ngabhtar an salán (*Sprattus sprattus*) sa Mhuir Dhubh.

2. Leagtar amach in Iarscríbhinn VII cuóta uathrialach an Aontais i dtaca leis an salán, cionroinnt an chuóta sin i measc na mBallstát agus, i gcás inarb iomchuí, na coinníollacha áirithe atá nasctha go feidhmiúil leis sin.

*Airteagal 16*

**Deiseanna iascaireachta maidir leis an turbard a chionroinnt**

1. Tá feidhm ag an Airteagal seo maidir leis na gníomhaíochtaí uile a dhéanann soithí iascaireachta de chuid an Aontais agus maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta eile an Aontais lena ngabhtar an turbard (*Scophthalmus maximus*) sa Mhuir Dhubh.

2. Leagtar amach in Iarscríbhinn VII an ghabháil iomlán incheadaithe le haghaidh an turbaird is infheidhme in uiscí an Aontais sa Mhuir Dhubh agus cionroinnt na gabhála iomláine incheadaithe sin i measc na mBallstát agus, i gcás inarb iomchuí, na coinníollacha áirithe atá nasctha go feidhmiúil leis sin.

*Airteagal 17*

**Bainistíocht iarrachta iascaireachta maidir leis an turbard**

Maidir le soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh ar thurbaird faoi chuimsiú Airteagal 16, gan beann ar fhad foriomlán na soithí, ní rachaidh siad thar 180 lá iascaireachta in aghaidh na bliana.

*Airteagal 18*

**Tréimhse choiscthe maidir leis an turbard**

Toirmeascfar ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais aon ghníomhaíocht iascaireachta a dhéanamh, lena n-áirítear turbaird a thrasloingsiú, a choinneáil ar bord, a thabhairt i dtír agus a dhíol den chéad uair, in uiscí an Aontais sa Mhuir Dhubh ón 15 Aibreán go dtí an 15 Meitheamh.

*Airteagal 19*

**Forálacha speisialta maidir le deiseanna iascaireachta sa Mhuir Dhubh a chionroinnt**

1. Déanfar cionroinnt deiseanna iascaireachta i measc na mBallstát mar a leagtar amach iad in Airteagail 15 agus 16 den Rialachán seo gan dochar do na nithe seo a leanas:

   (a) malartuithe arna ndéanamh de bhun Airteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

   (b) asbhaintí agus ath-chionrannta arna ndéanamh de bhun Airteagal 37 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009; agus

(c) asbhaintí arna ndéanamh de bhun Airteagail 105 agus 107 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

2. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 3 agus 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 i gcás ina n-úsáidfidh Ballstát an tsolúbthacht bhliantúil dá bhforáiltear in Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

*Airteagal 20*

**Tarchur sonraí**

Nuair a chuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin, de bhun Airteagail 33 agus 34 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, sonraí a bhaineann le tabhairt i dtír cainníochtaí stoc saláin agus stoc turbaird arna ngabháil in uiscí an Aontais sa Mhuir Dhubh, úsáidfidh siad na cóid stoic a leagtar amach in Iarscríbhinn VII.

# TEIDEAL III
# FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 21*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an […] lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*